Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/0231(NLE)

9.3.2026

****

DRÉACHTMHOLADH

ar dhréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach
(14941/2025 – C10-0369/2025 – 2025/0231(NLE))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Moritz Körner

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

ACHOIMRE

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 7

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar dhréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta; Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach (14941/2025 – C10-0369/2025 – 2025/0231(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (14941/2025),

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta, Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach (12735/25),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 82(1) agus (2), Airteagal 83(1) agus Airteagal 87(2), agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10/2025),(C10-0369/2025),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2026),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chun na Comhairle, an Choimisiúin agus rialtais agus Parlaimintí na mBallstát agus chun na Náisiún Aontaithe.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

De réir mar a ghéaraíonn an chibearchoireacht agus cionta cibearchumasaithe ar luas gan choinne, féadfaidh gur ionstraim thábhachtach í Coinbhinsiún Cibearchoireachta na Náisiún Aontaithe chun an comhar idirnáisiúnta a neartú agus cearta an duine a threisiú i measc a pháirtithe ag an am céanna. I bhfianaise chineál gan teorainn an idirlín, tá cur chuige cuimsitheach ríthábhachtach, cur chuige a thugann páirt do chomhghuaillíocht leathan comhpháirtithe atá tiomanta do chearta an duine, don daonlathas agus don smacht reachta a chaomhnú. Tá an iarracht chomhchoiteann sin ríthábhachtach chun gníomhaíochtaí coiriúla ar líne a chomhrac go héifeachtach agus chun a chinntiú go dtabharfar déantóirí coire a fheidhmíonn sa réimse digiteach chun cuntais.

Ba cheart a lua chomh maith gur cháin an tsochaí shibhialta agus soláthraithe seirbhíse an coinbhinsiún, a mhéid a thacaigh raon leathan geallsealbhóirí leis, go háirithe i dtaca le cosaint na gceart bunúsach agus na luachanna bunúsacha a chinntiú. Mar sin, beidh sé ríthábhachtach úsáid a bhaint as na coimircí dá bhforáiltear sa choinbhinsiún agus é á chur i bhfeidhm ag na húdaráis inniúla.

Tríd an gcoinbhinsiún a dhaingniú, d'fhéadfadh an tAontas ról ceannasach a ghlacadh sa chibearspás a chosaint trína chur chun feidhme a mhúnlú. Agus creat rialála láidir aige agus lena thiomantas do luachanna daonlathacha, is féidir leis an Aontas a chinntiú go gcothófar leis an gcoinbhinsiún domhan digiteach slán oscailte agus na luachanna sin á gcur chun cinn ag an am céanna i measc comhpháirtithe agus páirtithe eile. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an tAontas comhar idirnáisiúnta iontaofa a mhúnlú agus féachaint leis sin a dhéanamh, rud a choiscfeadh mí-úsáid an spáis dhigitigh agus a d'fheabhsódh cearta an duine i measc a pháirtithe conarthacha ag an am céanna. Tá sé ríthábhachtach coimircí láidre a chaomhnú chun muinín a chothú agus chun comhar domhanda éifeachtach in ábhair choiriúla a chinntiú.

Agus an scéal sin amhlaidh, molann an Rapóirtéir go dtabharfaí i gcrích Coinbhinsiún Cibearchoireachta na Náisiún Aontaithe.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Cybersecurity Tech Accord
Epicenter.works
Microsoft
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)